

# SPREAGAITHISC



### Bloic thógála na Luathmhatamaitice

Cad iad bloic thógála na matamaitice? Cá thábhachtaí leo? Freagraíonn Doug Clements na ceisteanna seo trí achoimre a thabhairt ar obair thaighde agus forbartha a rinneadh ar na mallaibh. Cur chuige éifeachtach teagaisc amháin atá le fáil iontu seo go léir is ea an teagasc a bhunú ar chonairí foghlama. Léireofar an cur chuige seo trí shraith de thionscadail taighde ina n-úsáidtear conairí foghlama go rathúil.

An tOllamh Douglas Clements, Ollscoil Denver



### Dul chun cinn sa súgradh agus san fhoghlaim spraíúil

Cé go dtacaítear go forleathan le luach an tsúgartha i leith foghlaim agus forbairt páistí, léiríonn an taighde go mbíonn múinteoirí fós ag streachailt chun an súgradh a fhí isteach ina gcleachtais. Is minic, nuair a bhítear ag iarraidh torthaí foghlama ar leith a bhaint amach, go dtugtar tús áite do shúgradh struchtúrtha seachas saorshúgradh. Ábhar eile imní is ea go bhfágtar an súgradh ag an gcéim réamhscoile, san aistriú i dtreo modhanna níos foirmiúla teagaisc.

Sa láithreoireacht seo, beidh Elizabeth Wood ag breathnú ar thaighde a thaispeánann a thábhachtaí atá sé spraíúlacht agus cruthaitheacht a choimeád san fhoghlaim agus sa teagasc. D'fhonn é sin a dhéanamh, ní mór dúinn tuiscint bheith againn ar dhul chun cinn sa súgradh – conas a athraíonn súgradh thar am, agus conas a chuireann spraíúlacht le meonta foghlama a d'fhéadfadh bheith ábhartha agus úsáideach ar feadh an tsaoil.

An tOllamh Elizabeth Wood, Ollscoil Sheffield